NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Beartas maidir le Soláthar

Nuashonraithe Meán Fómhair 2021

# Clár Ábhar

***Réamhrá*** ***4***

**Cuspóirí an bheartais** **4**

**Tacaíocht maidir le soláthar** **5**

**Prionsabail maidir le soláthar** **6**

***Nósanna imeachta maidir le ceannach*** ***8***

**Tairseacha** **8**

Soláthairtí agus seirbhísí faoi bhun €1,000 8

Soláthairtí agus seirbhísí faoi bhun €5,000 8

Soláthairtí agus seirbhísí idir €5,000 agus €25,000 8

Soláthairtí agus seirbhísí os cionn €25,000 9

Soláthairtí agus seirbhísí os cionn Thairseach AE 9

**Tairiscintí a lorg** **9**

Dréachtaigh agus eisigh IAT (Iarratais ar Thairiscintí) 10

Meastóireacht 10

Cuir an toradh in iúl 10

Bronn an conradh 10

Cuir aiseolas ar fáil 11

Soláthar glas 11

**Socrú fadtéarmach le soláthraithe** **11**

**Tairiscintí foinse aonair** **12**

**Cóid tionscadail** **12**

**Orduithe ceannaigh** **12**

**Orduithe ceannaigh dar luach €20K nó níos mó** **14**

**Orduithe déanta gan orduithe ceannaigh** **14**

Orduithe ó Bhéal 14

Orduithe éigeandála le Soláthraithe 14

Orduithe/ceannacháin lánroghnacha 15

Orduithe ar chárta creidmheasa agus dochair 15

Orduithe ar líne 15

Údarú orduithe 16

**Imréiteach cánach** **16**

**Sonrascadh** **16**

**Duillíní seachadta** **17**

***Tairseacha íocaíochta agus údaraithe conarthaí*** ***18***

**Cód eitice** **20**

Leas pearsanta 21

Rúndacht 21

Cruinneas faisnéise 21

Glacadh le tabhartais 21

Spreagthaí Pearsanta 21

Ceannach ó bhaill teaghlaigh nó ó neaschomhlaigh 22

Ceannaigh phearsanta 22

# Réamhrá

Is é is cuspóir don doiciméad seo creat a bhunú le haghaidh cur chuige comónta maidir le ceannach sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus chun cuspóirí agus prionsabail an tsoláthair a dhoiciméadú.

Is é 'Soláthar' an téarma a úsáidtear chun chur síos ar éadáil, soláthairtí agus seirbhísí a fháil ag comhlachtaí poiblí, bíodh sin faoi chonradh foirmiúil nó ná bíodh. Cuimsíonn sé idir cheannach gnáthsholáthairtí nó seirbhísí agus tairiscintí foirmiúla agus conarthaí a chur le haghaidh tionscadail bhonneagair mhóra ag réimse leathan ilghnéitheach údarás conraitheoireachta.

Tá socruithe le haghaidh soláthar earraí agus seirbhísí ag CNCM déanta de réir treoirlínte arna gcur ar fáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le soláthar poiblí.

Clúdaíonn an beartas seo gach caiteachas neamh-phá faoi bhainistíocht na Comhairle. Tá sé riachtanach go mbeidh cur amach ag gach fostaí den Chomhairle atá freagrach as cistí na Comhairle a chaitheamh ar an doiciméad seo chomh maith leis na nósanna imeachta maidir le tairiscintí le haghaidh earraí agus seirbhísí.

## Cuspóirí an bheartais

Is iad seo a leanas cuspóirí an bheartais um sholáthar:

▪ chun a chinntiú go mbaintear amach luach ar airgead i ngach gníomhaíocht a bhaineann le ceannach

▪ chun a chinntiú go gcloíonn beartais agus nósanna imeachta na Comhairle le riachtanais dlíthiúla lena n-áirítear rialacháin Éireannacha agus AE um sholáthar poiblí chun a chinntiú go bhfuil cur amach ag baill foirne maidir le agus go gcloíonn siad le gach treoirlíne agus rialachán um sholáthar poiblí de réir mar atá bainteach lena ról

▪ chun cleachtais um cheannach a shruthlíniú, a chomhtháthú agus, nuair is féidir, a fheabhsú

▪ chun tacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne maidir le ceannach

▪ chun seirbhísí corparáideacha a chumasú chun sonraisc a mheaitseáil le horduithe agus seachadtaí agus, mar sin, an próiseas sonrasctha a shruthlíniú.

## Tacaíocht maidir le soláthar

Tacóidh Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus pearsanra na gcuntas laistigh de d'Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha le baill foirne atá páirteach i gceannach chun luach ar airgead a bhaint amach i leith gach earra agus seirbhís. Áirítear leis an tacaíocht seo:

- comhairle ar chomhlíonadh nósanna imeachta na Comhairle agus rialacháin Éireannacha agus AE
- bainistíocht leanúnach soláthraithe agus conarthaí
- comhairle ar ghníomhaíochtaí ceannaigh faoi leith
- comhairle bhreise a fháil ó chomhairleoirí seachtracha nuair is gá
- traenáil a shocrú mar is gá.

Cé go mbeidh gníomhaíochtaí ceannaigh fós tarmligthe do bhaill foirne aonair, tá Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha ar fáil chun doiciméid tairisceana agus conarthaí a scrúdú sula n-eiseofar iad, chun a chinntiú go gcloíonn siad le beartais agus nósanna imeachta ábhartha.

## Prionsabail maidir le soláthar

Feidhmíonn an beartas seo de réir na bprionsabal seo a leanas:

- ní mór do bhaill foirne a bhfuil baint acu le soláthar cloí le gach riachtanas reachtúil maidir le soláthar atá i bhfeidhm, lena n-áirítear reachtaíocht Éireannach agus AE agus beartais agus nósanna imeachta na Comhairle

- ní mór conarthaí lárnacha arna gcur i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a úsáid ach amháin má dhéanann luach ar airgead a mhalairt a dhlisteanú

- tá oibleagáid ar bhaill foirne conarthaí atá in úsáid ar fud na heagraíochta a úsáid má tá siad i bhfeidhm

- ní mór cód tionscadail a shannadh do gach caiteachas ar sholáthar

- ní mór orduithe ceannaigh a údarú sula ndéantar orduithe agus ba chóir uimhreacha ordaithe a úsáid le haghaidh gach ordú bainteach

- beidh rochtain iomlán, shaor gan srian ag foireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) agus iniúchóirí inmheánacha na Comhairle ar gach taifead soláthair

- ba chóir do bhaill foirne a chinntiú go gcoinnítear taifid iomlána le haghaidh cigireachta i gcónaí

- is ag na ceannairí tionscadail a shonraítear sa Phlean Oibre atá an t-údarás le haghaidh buiséid shannta a chaitheamh

- cloífidh an Chomhairle le téarmaí an Achta um Prasíocaíocht Cuntais, is iad téarmaí caighdeánacha íocaíochta don Chomhairle 15 lá.

- ní mór do sholáthar earraí ar líne cloí leis na gnáthnósanna imeachta um sholáthar

- ba chóir do cheannaitheoirí deiseanna a lorg le haghaidh athchúrsáil, athúsáid, úsáid a laghdú, pacáistíocht de tháirgí a laghdú nó táirgí malartacha a cheannach a bhfuil tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol

- ba chóir do cheannaitheoirí riachtanais daoine atá faoi mhíchumas a chur san áireamh.

# Nósanna imeachta maidir le ceannach

## Tairseacha

Ní mór do bhaill foirne cloí leis na tairseacha seo a leanas maidir le gach ceannach. Tá na tairseacha seo éigeantach agus is ionann iad agus riachtanais íosta. Níor chóir i gcás ar bith riachtanas a scoilt chun ceannaigh a thabhairt faoi thairseach faoi leith.

### SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ FAOI BHUN €1,000

Teastaíonn meastachán ó bhéal amháin ar a laghad. Le tacaíocht go hidéalach ó dhearbhú ó sholáthraí ar ríomhphost nó i gcóip chrua.

### SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ FAOI BHUN €5,000

Is leor trí mheastachán ó bhéal a fháil le haghaidh soláthairtí agus seirbhísí faoi bhun €5,000; ní mór ar a laghad meastachán scríofa amháin a lorg nuair atáthar ag lorg ordú ceannaigh. Ag brath ar chineál an riachtanais, féadfaidh sé a bheith cuí níos mó meastacháin a lorg.

### SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ IDIR €5,000 AGUS €25,000

Féadfar soláthairtí nó conarthaí seirbhíse idir €5,000 agus €25,000 de luach a bhronnadh ar bhonn freagairtí ar shonraíochtaí scríofa curtha chuig trí sholáthraí nó soláthraí seirbhíse ar a laghad. Ní mór ar a laghad trí mheastachán scríofa a lorg ach amháin i gcás óstáin a chur in áirithe le haghaidh lóistín nó chun críocha comhdhála, rud nach n-éilíonn ach meastachán amháin. Féadfaidh sé a bheith oiriúnach tairiscintí foirmiúla a úsáid chun níos mó iomaíochta agus luach ar airgead feabhsaithe a chinntiú. Mar shampla, is gnáthchleachtas é in CNCM

tairiscint a lorg le haghaidh taighde agus seirbhísí eile amhail glantachán agus seirbhísí airgeadais laistigh den tairseach airgeadaíochta seo.

### SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ OS CIONN €25,000

Ní mór gach ceannach earraí agus seirbhísí os cionn €25,000 a fhógairt ar www.etenders.gov.ie.

Ní mór bronnadh conarthaí os cionn €50,000 a bheith ceadaithe roimh ré ag an gComhairle.

### SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ OS CIONN THAIRSEACH AE

Ní mór soláthairtí agus seirbhísí uile atá os cionn Thairseach AE a bheith fógartha in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE). Athbhreithnítear na tairseacha gach dara bliain. Is féidir tairseacha iomlána agus chun dáta a sheiceáil ar http://www.etenders.gov.ie/. Tá na teorainneacha seo infheidhme chomh maith ar luach carnach conarthaí (m.sh. bheadh ar CNCM fógra a chur in IOAE dá mbeadh luach iomlán ar chonradh leanúnach leis an soláthraí céanna os cionn an mhéid seo ar feadh shaolré an chonartha).

## Tairiscintí a lorg

Tá treoirlínte ar thairiscintí ar fáil ó shuíomh gréasáin Oifig um Sholáthar Rialtais http://ogp.gov.ie. Is féidir leis an gcineál tairisceana a bheith éagsúil ag brath ar mhéid agus ar shaintréithe an chonartha le bronnadh agus cineál an údaráis chonraitheoireachta. Go hachomair, ba chóir do gach cleachtas tairisceana na céimeanna seo a leanas a leanúint:

## DRÉACHTAIGH AGUS EISIGH IAT (IARRATAIS AR THAIRISCINTÍ)

Is cóir a bheith cúramach nuair atáthar ag dréachtú na sonraíochta don obair agus critéir mheasúnaithe atá soiléir agus intomhaiste go hoibiachtúil a dhréachtú.

## MEASTÓIREACHT

Ní mór gach tairiscint a mheasúnú de réir na gcritéir ar bhealach comhsheasmhach agus trédhearcach. Níl aon oibleagáid ann glacadh leis an meastachán is ísle agus is féidir an bronnadh a dhéanamh bunaithe ar an Tairiscint is Buntáistí ó thaobh Eacnamaíochta de. Ní mór an bunús don bhronnadh a chur i scríbhinn agus tacaíocht a bheith aige ó scéim mharcála chomhlánaithe sínithe ag gach duine atá páirteach sa phróiseas measúnaithe. Ní mór gach cáipéisíocht chúltaca a choinneáil i gcomhad.

## CUIR AN TORADH IN IÚL

Ní mór gach tairgeoir a bheith curtha ar an eolas faoin toradh ag an am céanna. Ba chóir a chur in iúl don tairgeoir rathúil, gan chlaontacht, ar cosúil gur chuir siad i láthair an tairiscint is buntáistí ó thaobh na heacnamaíochta de don tionscadal seo.

## BRONN AN CONRADH

Ní féidir aon chonradh a bhronnadh go dtí go bhfuil tréimhse shuaimhnithe 14 lá thart.

### CUIR AISEOLAS AR FÁIL

Ba chóir aiseolas a thairiscint do na tairgeoirí nár éirí leo maidir lena dtairiscint.

### SOLÁTHAR GLAS

Le tacú leis an Soláthar Glas Poiblí mar a shonraítear i ***gCiorclán 20/2019: Úsáid rudaí Timpeallachta agus Sóisialta atá le meas a chur chun cinn i soláthar poiblí***, Déanfaidh CNCM iarracht chun earraí, seirbhísí nó oibrithe a fháil le tionchar timpeallachta laghdaithe nuair is cuí. Beidh an oiriúnacht éagsúil maidir le bearta timpeallachta a chur san áireamh i dtionscadail CNCM ag brath ar an gconradh.
Cuimseoidh CNCM rudaí soláthair ghlais le meas sa Phlean Soláthair Chorparáidigh.

Tuairisceoidh CNCM go bliantúil ar dhul chun cinn maidir le Soláthar Poiblí Glas ach úsáid a bhaint as teimpléad Tuarascála Bliantúla le nóta treorach a ghabhann leis a bheidh ar fáil ón Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Timpeallachta.

## Socrú fadtéarmach le soláthraithe

Agus na buntáistí a bhaineann leis an gComhairle caidreamh leanúnach a choinneáil le soláthraí a chur san áireamh, ba chóir aon socrú a sheachaint dá bhféadfadh sé, san fhadtéarma, oibriú éifeachtach na hiomaíochta cothroime a chosc. Is dea-chleachtas é tairiscint a lorg le haghaidh seirbhísí leanúnach gach trí go cúig bliana.

Níor cheart do cheannaitheoirí cur isteach ar chonarthaí nua le soláthraithe reatha, mar shampla innealra oifige a nuashonrú gan machnamh a dhéanamh an mbeadh tairiscint inchosanta.

# Tairiscintí foinse aonair

Go hannamh d'fhéadfadh an t-aon soláthraí amháin nó foinse amháin a bheith ann le haghaidh ní nó seirbhís faoi leith agus gan aon rogha eile ar fáil. Is féidir tairiscintí foinse aonair a cheadú i dtosca eisceachtúla:

- mura bhfuil ach an t-aon speisialtóir le cáilíochtaí cuí ar fáil chun na hearraí nó na seirbhísí a chur ar fáil
- má tá práinn sháraitheach an soláthraí aonair a úsáid
- má tá obair curtha i gcrích ag an soláthraí aonair roimhe sin sa réimse agus má tá gá sáraitheach le leanúnachas.

Má tharlaíonn aon ní dá bhfuil thuas, ba chóir don cheannaitheoir cás iomlán scríofa a dhéanamh lena fhaomhadh ag an bPríomhfheidhmeannach don chinneadh gan tairiscintí iomaíocha a lorg. Ba chóir ceaduithe mar sin a choinneáil i gcomhad.

# Cóid tionscadail

Sanntar cód tionscadail do gach caiteachas CNCM ón bplean bliantúil oibre laistigh de gach ceann de na cuspóirí ardleibhéil mar a thugtar breac-chuntas air sa phlean straitéiseach.

# Orduithe ceannaigh

Ní mór ordú ceannaigh agus uimhir a ardú le haghaidh gach earra agus seirbhís a cheannach os cionn €250 sula ndéantar an t-ordú, seachas sna cásanna seo a leanas:

1. Caiteachas ar phá agus ar choimisiúin

2. Caiteachas ar thaisteal agus ar chothú

3. Ceannacháin le mionairgead

4. Orduithe le haghaidh cúiréirí, tacsaithe (ar chuntas trí sholáthraí roghnaithe amháin)

5. Ceannacháin leanúnacha ar an mbuiséad lóistín nó seirbhísí

6. Stáiseanóireacht, lónadóireacht agus soláthairtí eile níos lú ná €250.

Foréileoidh an ceannaitheoir orduithe ceannaigh tríd an gcóras leictreonach a chuirtear ar fáil agus ceadófar iad ag an leibhéal cuí. Ní mór an uimhir ordaithe ceannaigh a chur ar fáil nó a lua i ngach ordú le haghaidh earraí agus seirbhísí.

Ní mór d’orduithe ceannaigh nádúr agus líon na n-earraí nó na seirbhísí a theastaíonn agus conradh, coinníollacha úsáide, meastachán nó praghas comhaontaithe a léiriú go soiléir. Mura bhfuil praghsáil bheacht indéanta, ní mór costais mheasta a chur in iúl ach amháin má tá cúiseanna maithe ann gan sin a dhéanamh (ní mór na cúiseanna leis seo a thaifeadadh agus a chur ar aghaidh chuig Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha).

Tar éis d’uimhir ordaithe ceannaigh a bheith eisithe, is féidir an t-ordú a thabhairt don soláthraí ó bhéal. Ach ní mór an t-ordú a dheimhniú ar ríomhphost ina bhfuil an uimhir ordaithe a luaithe agus is féidir tar éis an t-ordú ó bhéal a thabhairt.

## Orduithe ceannaigh dar luach €20K nó níos mó

Ní mór eolas a bhaineann le horduithe ceannaigh sa chatagóir seo a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin CNCM

## Orduithe déanta gan orduithe ceannaigh

Ní féidir aon ordú a dhéanamh gan uimhir ordaithe ceannaigh oifigiúil ach amháin i gcásanna mar iad seo a leanas. Ní mór míniú a chur ar fáil le haghaidh aon teip ordú ceannaigh a ardú de réir an bheartais seo.

### ORDUITHE Ó BHÉAL

Ní féidir orduithe ó bhéal a dhéanamh gan ordú ceannaigh nuair atá ordú beag á dhéanamh (níos lú ná €250) le soláthraithe faofa le haghaidh seirbhísí lónadóireachta, cúiréara nó tacsaí. Sa chás seo, ní gá an t-ordú ó bhéal a leanúint le hordú ceannaigh scríofa chuig an soláthraí

### ORDUITHE ÉIGEANDÁLA LE SOLÁTHRAITHE

Ba chóir orduithe éigeandála a dhéanamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó nuair atá tú ar shiúl ón oifig agus gan a bheith in ann dul i dteagmháil le Foireann Seirbhísí Corparáideacha chun ordú ceannaigh a ardú. Má dhéantar orduithe éigeandála nuair is gá gan uimhir cheannaithe ordaithe oifigiúil, ní mór uimhir ordaithe ceannaigh a ardú a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin agus míniú i scríbhinn a chur ar fáil do Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha ag leagan amach na gcúiseanna leis an ordú éigeandála a dhéanamh.

## ORDUITHE/CEANNACHÁIN LÁNROGHNACHA

Nuair a thagann tosca chun cinn féadfaidh baill foirne – faoi réir €300 de theorainn in aon idirbheart amháin – ordú lánroghnach a dhéanamh nó ceannach lánroghnach a dhéanamh chun tairbhe a bhaint as lascainí, rátaí fabhracha, infhaighteacht táirgí, etc. Ní theastaíonn ordú ceannaigh sa chás seo ach ní mór míniú i scríbhinn a chur ar fáil do Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha ag leagan amach na gcúiseanna leis an ordú/ceannach lánroghnach a dhéanamh.

## ORDUITHE AR CHÁRTA CREIDMHEASA AGUS DOCHAIR

Ní mór d'orduithe a dhéantar le cártaí creidmheasa agus dochair CNCM an gnáthnós imeachta soláthair a leanúint agus ní ceadmhach iad a dhéanamh gan uimhir ordaithe ceannaigh oifigiúil ach amháin i gcás íocaíochtaí taistil agus cothaithe nó nuair atá an méid faoi bhun €250. Ba chóir don cheannaitheoir iarratas sonrach a dhéanamh uimhir agus dáta éaga an chárta a fháil le haghaidh gach ceannaigh.

## ORDUITHE AR LÍNE

Ní mór d'orduithe ar líne an gnáthnós imeachta soláthair a leanúint agus ní ceadmhach iad a dhéanamh gan uimhir ordaithe ceannaigh oifigiúil mura bhfuil an méid faoi bhun €250. Ní mór gach úsáid as an idirlíon chun orduithe a dhéanamh cloí leis an mBeartas um Úsáid Inghlactha Ríomhphoist agus Idirlín.

### ÚDARÚ ORDUITHE

Cé gur féidir le haon fhostaí den Chomhairle ordú ceannaigh a iarraidh, ní mór an ceannach a bheith údaraithe ag an leibhéal cuí sula dtugtar uimhir an ordaithe ceannaigh don cheannaitheoir. Tá gach ceannaire tionscadail freagrach sa deireadh as orduithe ceannaigh déanta ar a bhuiséad.

## Imréiteach cánach

Ní mór don soláthraí uimhir thagartha Cánach agus cód rochtana a sholáthar ionas gur féidir a stádas imréitigh cánach a dheimhniú. Is gá é seo a fháil ó gach soláthraí, soláthraithe neamhchónaitheacha*, a chuireann earraí nó seirbhísí os cionn €10,000 (CBL san áireamh) ar fáil le linn bliain féilire ar bith. Is gá fianaise ar imréiteach cánach a fháil uathu siúd chomh maith a fhaigheann deontais ó CNCM. Tá íocaíocht deontais nó íocaíochtaí os cionn na tairsí seo coinníollach ar Imréiteach Cánach a bheith i seilbh an tsoláthraí.

*ba cheart go rachadh daoine neamhchónaitheacha i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcaoi ar féidir leo an riachtanas seo a chomhlíonadh

## Sonrascadh

Ní mór gach sonrasc a fhaightear a chur ar aghaidh chuig cuntais ar dtús. Ní mór an sonrasc a bheith faofa ag an duine a rinne an t-ordú agus ní mór an íocaíocht a bheith údaraithe ag an leibhéal cuí. Ní mór uimhir ordaithe ceannaigh oifigiúil a bheith ar gach sonrasc os cionn €250. Nuair a fhaightear sonrasc gan uimhir ordaithe oifigiúil, beidh ar an gceannaitheoir tosca an cheannaigh a mhíniú nó údar a thabhairt dó.

## Duillíní seachadta

Ní mór gach duillín seachadta, bíodh sé ar pháipéar nó leictreonach, a chur ar aghaidh chuig Cuntais ionas gur féidir iad a choinneáil i gcomhad.

# Tairseacha íocaíochta agus údaraithe conarthaí

Is iad seo a leanas na tairseacha le haghaidh íocaíochtaí a údarú agus conarthaí a shíniú:

| Tairseach | Íocaíocht le bheith formheasta nó conradh le bheith sínithe ag: | I ndiaidh an íocaíocht a fhormheasadh leis an ngrád cuí, aistriú cistí leictreonacha le bheith comhúdaraithe ag: |
|---|---|---|
| Méideanna suas le agus lena n-áirítear €5,000 | Aon sealbhóir poist a bhfuil an grád Oifigeach Feidhmiúcháin nó níos airde acu.<br><br>Is féidir le hOifigeach Cléireachais íocaíocht a fhormheasadh le haghaidh soláthairtí/óstánaíochta/lónadóireachta/taistil thar lear<br><br>• nuair a bhaineann sé le lóistín/áiseanna<br>• nuair atá meaitseáil údaraithe OC (ordú ceannaigh) i bhfeidhm (má bhíonn sí ag teastáil)<br>• nuair a d'ordaigh siad na seirbhísí/earraí ar son CNCM<br>• nuair atá siad in ann a dheimhniú gur glacadh leis an rud céanna. | Dhá shealbhóir poist ar bith sna gráid seo a leanas:<br><br>• Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Leas-Phríomhoifigeach<br>• Leas-Phríomhfheidhmeannach<br>• An Príomhfheidhmeannach |
| Méideanna suas le agus lena n- | Aon sealbhóir poist a bhfuil an grád Oifigeach Feidhmiúcháin nó níos airde acu | Dhá shealbhóir poist ar bith sna gráid seo a leanas: |

| | | |
|---|---|---|
| áirítear €10,000 | | • Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Leas-Phríomhoifigeach<br>• Leas-Phríomhfheidhmeannach<br>• An Príomhfheidhmeannach |
| Méideanna suas le agus lena n-áirítear €30,000 | Aon sealbhóir poist a bhfuil an grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin nó níos airde acu | Dhá shealbhóir poist ar bith sna gráid seo a leanas:<br>• Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Leas-Phríomhoifigeach<br>• Leas-Phríomhfheidhmeannach<br>• An Príomhfheidhmeannach |
| Méideanna suas le agus lena n-áirítear €50,000 | Aon sealbhóir poist a bhfuil an grád Príomhoifigeach Cúnta nó níos airde acu | Dhá shealbhóir poist ar bith sna gráid seo a leanas:<br>• Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Leas-Phríomhoifigeach<br>• Leas-Phríomhfheidhmeannach<br>• An Príomhfheidhmeannach<br>Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin amháin ar a laghad nó níos airde |

| | | |
|---|---|---|
| Soláthairtí agus seirbhísí os cionn €50,000 | An Príomhfheidhmeannach<br><br>Nóta: Ní mór don Chomhairle conarthaí os cionn 50K a fhormheasadh. | Dhá shealbhóir poist ar bith sna gráid seo a leanas:<br>• Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>• Leas-Phríomhoifigeach<br>• Leas-Phríomhfheidhmeannach<br>• An Príomhfheidhmeannach<br>Leas-Phríomhoifigeach amháin ar a laghad nó níos airde |

## Cód eitice

Tá baill foirne CNCM rialaithe ag cód caighdeán agus iompair na státseirbhíse agus táthar ag dréim leis na caighdeáin is airde iompair eiticiúil agus macántachta uathu siúd a bhfuil baint acu le ceannach. Go háirithe ba chóir do bhaill foirne na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara:

## LEAS PEARSANTA

Ní mór aon leas pearsanta a d'fhéadfadh cur isteach nó a bhféadfadh daoine eile é a mheas go réasúnta go gcuirfeadh sé isteach ar neamhchlaontacht in aon ní a bhaineann le dualgais cheannaigh a fhógairt don Phríomhfheidhmeannach.

## RÚNDACHT

Ba chóir meas a léiriú ar rúndacht eolais a fhaightear le linn dualgais agus ní ceadmhach sonraí faoi leith tairiscintí soláthraithe a sceitheadh le hiomaitheoirí.

## CRUINNEAS FAISNÉISE

Ba chóir go mbeadh faisnéis a thugtar le linn dualgais fíor agus cothrom, agus nach gceapfaí í choíche chun daoine a chur ar míthreoir agus níor chóir í a úsáid choíche ar mhaithe le gnóthú pearsanta.

## GLACADH LE TABHARTAIS

Níor chóir glacadh le tabhartais, seachas nithe a bhfuil luach intreach an-bheag acu. Ba chóir nithe le haghaidh úsáid phearsanta a dhiúltú. Is cúirtéis a bhfuil glacadh léi i gcaidreamh gnó fáilteachas measartha; ach níor chóir do na faighteoirí ligean dó go mbeadh sé amhlaidh go bhféadfadh sé, nó go bhféadfadh daoine eile é a mheas, gur imríodh tionchar orthu agus iad ag déanamh cinneadh gnó de thoradh ar ghlacadh le fáilteachas mar seo. Níor chóir machnamh ar mhinicíocht agus méid fáilteachais sula nglactar leis. Is féidir comhairle a lorg ó Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha maidir le cad atá agus nach bhfuil inghlactha maidir le tabhartais agus fáilteachas.

## SPREAGTHAÍ PEARSANTA

Tá toirmeasc ar spreagthaí pearsanta i bhfoirm ar bith ó sholáthraithe earraí agus seirbhísí d'fhostaithe. Ní mór aon spreagthaí mar seo a chur in iúl láithreach do Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha. Bainfear soláthraithe a dhéanann iarracht spreagthaí os cionn a measfaí a bheith inghlactha de gach liosta tairgeoirí amach anseo.

## CEANNACH Ó BHAILL TEAGHLAIGH NÓ Ó NEASCHOMHLAIGH

Cé nach dtoirmisctear socruithe gnó a bhaineann le ball teaghlaigh nó neaschomhlach de chuid fostaí den Chomhairle, tá sé tábhachtach nach mbeidh aon iompar míchuí nó braistint iompair mhíchuí ann ina leithéid de shocrú. Má tharlaíonn a leithéid de chás nó má fhéadann sé tarlú, ní mór Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha a chur ar an eolas agus, nuair is féidir, ní mór d'fhostaí na Comhairle tarraingt siar ón bpróiseas.

## CEANNAIGH PHEARSANTA

D'fhéadfadh sé tarlú gur mhaith le fostaí de chuid na Comhairle ceannach pearsanta a dhéanamh ó sholáthraí faofa de Chomhairle, ag baint tairbhe as lascainí nó socruithe eile a bhfuil idirbheartaíocht déanta ar a shon ag an gComhairle leis an soláthraí sin. Cé nach bhfuil toirmeasc ar a leithéid d'idirbheart, is socrú príobháideach é seo idir an fostaí agus an soláthraí nach glacann an Chomhairle aon fhreagracht as. Ní mór don fhostaí (a) é a dhéanamh soiléir don soláthraí gur idirbheart príobháideach é seo idir é/í féin agus an soláthraí sin, (b) idirbheartaíocht a dhéanamh go príobháideach leis an soláthraí maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cead aige/aici lascainí na Comhairle a úsáid, etc., (c) socrú a dhéanamh le haghaidh seachadadh agus (d) íoc as earraí/seirbhísí go léir agus/nó costais seachadta díreach leis an soláthraí. Ní ceadmhach sonrasc a chur chuig an gComhairle maidir leis na hearraí/seirbhísí seo agus/nó costais seachadta.